



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Nollaig 2020
(OR. en)

12513/20

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0158 (NLE)**

**AGRI 393
FORETS 37
DEVGEN 153
ENV 677
RELEX 842
JUR 498
PROBA 37**

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Hondúras i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach i dtaca le foraoisí

CINNEADH (AE) 2020/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais,
an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Saorálaí
idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Hondúras
i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas
agus trádáil táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach i dtaca le foraoisí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír
d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I mBealtaine 2003, ghlac an Coimisiún teachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dar teideal "*Forest Law Enforcement, Governance and Trade (FLEGT): Proposal for an EU Action Plan* [Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT): Togra le haghaidh Plean Gníomhaíochta AE]". Leis an bPlean Gníomhaíochta a leagtar amach sa teachtaireacht sin ("an Plean Gníomhaíochta FLEGT"), iarradh bearta chun aghaidh a thabhairt ar logánú neamhdhleathach trí Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Saorálaí a fhorbairt le tíortha táirgthe adhmaid. Glacadh conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPlean Gníomhaíochta FLEGT sin i nDeireadh Fómhair 2003 agus glacadh rún ó Pharlaimint na hEorpa ar an ábhar 11 Iúil 2005.
- (2) An 5 Nollaig 2005, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht ar chomhaontaithe comhpháirtíochta le tíortha táirgthe adhmaid chun an Plean Gníomhaíochta FLEGT a chur chun feidhme.
- (3) An 20 Nollaig 2005, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh 2173/2005¹, lenar bunaíodh scéim ceadúnúcháin FLEGT i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach ó thíortha lenar thug an tAontas comhaontuithe comhpháirtíochta saorálaí i gcách.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach (IO L 347, 30.12.2005, lch. 1).

- (4) Tugadh i gcrích go rathúil an chaibidlíocht le Poblacht Hondúras i ngeall ar thabhairt i gcrích Comhaontú Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Hondúras i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí i dtáirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (“an Comhaontú”) le inisealú an Chomhaontaithe an 14 Meitheamh 2018.
- (5) Ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Hondúras i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí i dtáirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach a fhorfheas thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích¹⁺ an chomhaontaithe sin.

Airteagal 2

Leis seo, údaraítear Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú, thar ceann an Aontais.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlachta.

Arna dhéanamh in/sa ...,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

¹ Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

⁺ Toscaireachtaí: féach doiciméad ST 10365/20.